# Cosaint Leanaí – Spleodar

## Contents


Cosaint Leanaí–Spleodar ........ 1

Spleodar - Ráiteas maidir le CosaintLeanaí ........ 2

Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí -Spleodar ........ 5

Liosta de ghníomhaíochtaí an eagrais ........ 6

Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an eagraíocht i leith a cuid gníomhaíochtaí ........ 8

Tá na nósanna imeachta seo a leanas ar bun ag an eagrais chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála atá sonraithe sa mheasúnacht seo ........ 9

Fostaíocht ........ 9

Oiliúint ........ 10

Beartais/Polasaite/Nósanna ........ 10

Tithe/Lóistín ........ 12

Clubanna/Cúrsa Feighlithe ........ 13

Imeachtaí Iar-Aire: ........ 13

Bainistíocht: ........ 14

Liosta Seiceála chun an Ráiteas maidir le Cumhdach LeanaíaAthbhreithniú ........ 16

Fógra maidir le hAthbhreithniú Bhord na nIontaobhaithe ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí ........ 19

Taifead Spleodar ar Eachtra faoin bPolasaíChosaintLeanaí ........ 20

Ráiteas Spleodar maidir le Cosaint Leanaí - cóip donaTithe ........ 22

Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí -naTithe ........ 25

Tá na nósanna imeachta rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag na Teaghlaigh áitiúla agus Coláiste i leith a gcuid gníomhaíochtaí ........ 26

## Spleodar - Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí

Is óg-eagras neamhbhrabúsach é Spleodar a ritheann cúrsaí Gaeilge i nGaeltacht Chonamara le linn an tsamhraidh agus réimse imeachtaí iar-aire do dhaoine óga le linn an gheimhridh.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanseanna2017*,agus Treoir TUSLA maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a Chur le Chéile, tá toilithe ag Bord na nIontaobhaithe Spleodar leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéisseo.

1 1. Tá glactha ag Bord na nIontaobhaithe le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* na Roinne Oideachais agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le CumhdachLeanaí.

2 Is é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná Carmel NicEochaidh

3 Is é an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (D/DIA) ná Póla NíChinnsealaigh

4 Admhálann Bord na nIontaobhaithe go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa daoine óga fite fuaite le gach gné de shaol an eagrais agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí an eagrais.. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an eagrais leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an eagrais:

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheisteile;
- comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leasleanaí;

- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go mbainfeadh díobháil nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa mbaol go gcuirfí drochúsáid nó faillí inaleith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in dul chun cinn daoine óga saneagrais.
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosantaleanaí.

Cloífidh an eagrais leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

4. Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas arbun:

- I gcas baill ar bith den fhoireann / den choiste is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) I leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse I leith linbh atá ag freastal ar an eagrais, cloíonn an eagrais leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna2017*

- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne/ baill choiste/ oibrithe deonacha agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le daoine óga, cloíonn an eagrais le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir leathan maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha insna ciorcláin ábharthadechuidanGhardaabhaineannlegrinnfhiosrúchánagusearcaíocht agus atá arna bhfoilsiú ag an ROE agus le fáil ar shuíomh idirlín na ROE.
- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an eagrais na nithe seo a leanas-

  - Cóip de Ráiteas na eagrais maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann/bhord.
  - A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas na eagrais maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann/choiste le linn oiliúna.
  - Lucht foirne/baill boird a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí
  - Coimeádann an Coiste taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus ar chomhaltaí den Choiste

- Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* ar a n-áirítear, i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. **Go príomha ní mór do mhúinteoirí/ feighlithe nó duine ar bith atá i bhfeighil a bheith ar an eolas go bhfuil said sainordaithe agus an oiliúint chuige a fháil**.

- San eagrais seo tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015)chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le CumhdachLeanaí.

- **Le linn cúrsaí an tsamhraidh de ghnáth is é stiúrthóir an chúrsa an DIA agus is é/í a bhéas mar an 'duine cuí' (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le CumhdachLeanaí.**

- **Daoine sainordaithe is ea gach baill foirne(múínteoir,feigjlithe,cuntóirí agus ard-chinnirí)** arna fhostú ag an eagrais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do dhaoine óga a bheadh ag freastal ar an eagrais nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaíeagraise.Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta na eagraise chun na rioscaí sin a bhainistiú mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.

- Is féidir rochtain ar na nósanna imeachta é ag súla dádtagraítear sa Ráiteasseo **trí shuíomh idirlín an eagrais**, nó trí shuíomh idirlín na ROE nó cuirfidh an eagrais ar fáil iad ach iad a iarraidh.

5 Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín na eagraise[www.spleodar.com](http://www.spleodar.com)agus tá sé tugtha do gach ball de lucht foirne na eagraise. Tá sé ar fáil go héasca do

thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Thusla agus don Roinn ach ceann a iarraidh.

6 **Athbhreithneof ar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí gach bliain i ndiaidh Cruinniú na Stiúrthóirí i mí Mheán Fómhair agus roimh an Chruinniú Chinn Bliana i Mí na Nollag**, nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteasseo.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar an 10 Meitheamh 2021

| | |
|---|---|
| Sínithe:____________________________ | Sínithe:____________________________ |
| Cathaoirleach an Bhoird | Príomh-fheidhmeanach |
| (Mait Ó Brádaigh) | Carmel Nic Eochaidh |
| Dáta: 10/06/2021 | Dáta: 10/06/2021 |

## Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí   - Spleodar

Measúnacht Riosca Spleodar

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 is mar seo a leanas an Mheasúnacht Riosca Scríofa Spleodar.

## Liosta de ghníomhaíochtaí an eagrais:

Seo a leanas liosta de ghnáthimeachtaí Spleodar:

1) Cúrsaí Cónaithe Samhradh (Glacann na scoláirí páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí):
    a) Teacht agus imeacht ón gcoláiste ar bhóithre poiblí ag siúl agus/ nó ar bhus
    b) dhá uair go leith de ranganna,
    c) sosanna idir na ranganna agus ina ndiaidh
    d) spóirt éagsúla
    e) teagasc aonair/ grúpa tacaíochta
    f) ceardlanna drámaíochta, amhránaíochta, ceoil agus damhsa céilí
    g) imeachtaí oíche - céilithe agus comórtais
    h) réitiú agus cleachtaí i gcóir comórtais óiche – feistiú srl
    i) gníomhaíochtaí trá, snámh,srl.
    j) Turais de shiúil/ buis go háiteanna sa cheantar: RnaG, club dornálaíochta srl.
    k) Fanann na scoláirí le teaghlaigh Ghaeltachta a labhraíonn Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide.
        i) Úsáid leithris
        ii) Glacadh ceatha/ úsáid seomra folctha
        iii) Meascadh le muintir antí
        iv) Am á chaitheamh ag sóisialú i ngrúpaí beaga
        v) Seomraí roinnte idir 3 -6
    l) Bíonn siad ag taisteal chuig an gColáiste agus abhaile arís cúpla uair in aghaidh an lae
    m) Siopa
    n) Aifreann
    o) Ceolchoirm mhór do thuistí

p) Ag dul go dochthúir/ ospidéal más gá i gcarr le baill foirne nó in otharcharr

q) Ag dul go himeacht éigin le baill foirne I gcarr

r) Úsáid seomra feistis san ionad aclaíochta/ club peile – ag imirt spóirt ag leibhéal comórtasach ar na sean chúrsaí

s) Bainistíocht ar dáileadh leighis/ airgid srl.

t) Bainistíocht ar garchabhair/ cúrsaí tinnis

u) Iompar dúshlánach/ frith-shóisialta á bhainistiú

v) Cúram daltaí a bhfuil riachtanais faoi Leith acu, nó a bhfuil feidreacht níos aired bulaíochta i gceist leo de bharr éagsúlacht nó eile: páistí ó chúlra éagsúil, Daltaí LADT, lucht siúil, leanaí i gcúram srl.

w) Ceardlann le daoine seachtracha , m.sg, daoine de muintir na háite ag damhsa srl.

2) Clubanna Seachtainiúil (Meán Fómhair – Mí an Mhárta):

a) Cluichí

b) Sport

c) Drámaíocht

d) Amhránaíocht

e) Turais seachtracha leis an gclub

f) Teacht agus imeacht ón gclub

3) Imeachtaí Iar-Aire (Tóstal, Oireachtas na Samhna, Cúrsa Cinnireachta, Bál na nÓg, SlógadhSpleodar):

a) Fanacht thar oíche i mbrúnna/ lóistín/ ionad de chuid eagrais/ comhlacht eile

b) Taisteal ar bhus ann/ arais

c) Freastal ar cheardlanna agus ócaidí poiblí leis an bpobal ginearálta

d) Ranganna ceannaireachta faoi stiúir na foirne sinsearaí

e) Imeacthaí sóisialta oíche – céilithe srl.

f) Neart deiseanna sóisíalú

g) lá oiliúna an lá roimh chúrsaí

h) taistlíonn cinnirí go hionaid chun castáil le scoláirí agus busanna

i) traenáil na bhfeighlithe

4) Cumarsáid/ Na MeáinShóisialta
    a) teagmháil rialta idir baill an eagrais (daoine óga agus daoine fásta) ar líne trí na Meáin Shóisialta
    b) próifíl Twitter, Facebook srl ag an eagraíocht chomh maith le suíomh idirlíne

## Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an eagraíocht i leith a cuid gníomhaíochtaí –

Sonraíonn muid na ríoscaí díobhála seo a bhaineann le

1. Imeachtaí ar chúrsaí cónaithe:
    a. foireann nach bhfuil ar an eolas faoi na dualgaisí atá orthu i dtaobh cosaint leanaí
    b. foireann nach dtuaraiscíonn i gceart/ nach lorgaíonn comhairle I gceart
    c. gan fios a bheith ag scoláirí ar nósanna/ rialacha an eagrais
    d. riosca díóbhála mar nach n-aithníonn stiúrthóir/ múínteoirí/ cinnirí cuid de na comharthaí díóbhála i scoláirí
    e. caidreamh le daoine fásta lasmuigh den eagrais ar na bóithre ag teacht/ ag imeacht
    f. díobháil á dhéanamh ag ball foirne sna ranganna nó i rang feabhais nó rang aonair
    g. scóláire á thógáil ag dochtúir nó eile ag ball foirne i gcarr an bhaill foirne
    h. scoláire ag fanacht sa leaba sa lóistín de bharr tinnis
    i. díobháil á dhéanamh ag scoláire amháin ar scoláire eile
    j. díobháil á dhéanamh ag duine seachtrach/ ball d'éagraíocht eile nó cuairteoir do scoláire.
    k. díobháil á dhéanamh ar scoláirí fad is atá siad ar thuras faoi stiúir Spleodar go RnaG, Club dornálaíochta srl.
    l. gan a dhóthain maoirseoireacht ar scoláirí le linn an lae, sa choláiste, ag teacht/ ag imeacht ón gcoláiste nó sna tithe cónaithe
    m. caidreamh mí-oiriúnach idir scoláire amháin agus scoláire eile le linn imeachtaí oíche/ céilithe srl.
    n. scoláirí ag athrú éadaí/ réitiú i gcomhair spóirt/trá srl. in áitreamh an choláiste/ sna tithe agus meascán de scoláirí eile agus fostaithe/ daoine fásta/ muintir an tí sa timpeallacht.
    o. scoláirí ag roinnt seomraí le scoláirí eile
    p. scoláirí ag roinnt seomraí le cinnire atá níos sine ná iad nó ardchinnire/ cúntóir os cionn18
    q. polasaí frithbhulaíocht nach bhfuil á chur i bhfeidhm i gceart
    r. nósanna tuairiscithe/ gearáin nach bhfuil á chur i bhfeidhm i gceart
    s. imeachtaí a eagrú in áiteanna poiblí ar nós an trá, séipéal an phobail srl., dul chuig an siopa agus ag castáil le muintir na háite ann, Domhnach na dTuistí nuair atá go leor daoine thart

t. díobháil de bharr glacadh leighis nó substaintí eilemí chuí
u. riosca díóbhála mar gheall ar easpa maoirseoireachta/ feighlithe nach bhfuil ag cloí le cód iompair na gclubanna
v. riosca díóbháil gan fios a bheith ag feighlithe go bhfuil siad sonraithe, go bhfuil dualgais dlithiúla orthu faoi thuairisciú srl.
w. riosca díóbhála mar nach n-aithníonn feighlí comharthaí díóbhála i scoláirí
x. riosca díóbhála de bharr easpa cinnteacht faoi tinreamh/ clárú donchlub
y. díobháil a bhaineann le clubanna a bheith ar siúl in áiteanna poiblí srl, atá oscailte donphobail
z. turais go pictiúrlanna, ionad babhlála srl, áiteanna a bhfuil alcól ar díol uaireanta agus daoine fásta ag sóisíalú iontu freisin.
aa. díobháil ar scoláire ó chuairteoir/ mhúinteoir seachtrach a thagann chun ceardlann a dhéanamh
bb. riosca díóbhála mar gheall ar lóistín a eagrú i mbrúnna nach leis an eagrais nó in ionaid ina n-oibríonn fostaithe nach fostaithe Spleodar iad.
cc. riosca mar gheall go bhfreastlaíonn scoláirí ar léachtaí agus ócáidí poiblí eile leis na clubanna nó ag ócáidí iar-aire agus baill den phobail ann freisin.
dd. riosca díóbhála go ndéanfadh duine fásta/ fostaí teagmháil míchuí le scoláire/ duine óg ar meáin shóisialta faoi stiúir Spleodar.
ee. Riosca díóbhála mar go bhfuil cinnirí agus ardchinniri ag úsáid foin/ na meáin shóisialta os comhair scoláirí atá faoi 18.

## Tá na nósanna imeachta seo a leanas ar bun ag an eagrais chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála atá sonraithe sa mheasúnacht seo –

### Fostaíocht

a. Nósanna ceapacháin
    - Nuair a dhéanann cúntóir/ múinteoir iarratas ar phost is gá dóibh beirt mholtóirí a thabhairt don oifig. Déanfaidh oifigigh an eagrais teagmháil leis na moltóirí. D'fhéadfadh leis na moltóirí sin a bheith mar dhaoine inmheánacha/ fostaitheeile.
b. Grinn fhiosrúcháin na nGardaí
    - Comhlíontar na dualgais reachtúla atá ar an eagrais faoi ghrinnfhiosrúchán na nGardaí
c. Ceapacháin Cinnirí/Cúntóirí
    - Pléitear agus ceaptar na cinnirí agus na cúntóirí i ndiaidh an chúrsa cinnireachta. Bíonn ceardlanna, agallaimh agus moltóireacht i gceist.
d. Maoirseoireacht ar fhostaithe (cinnirí san áireamh)
    - Ar na cúrsaí déantar athbhreithniú le fostaithe i rith an chúrsa. Is cuid de dhualgas an stiúrthóra é an t-athbhreithniú seo a dhéanamh.

## Oiliúint

e. Lá na Múinteoirí
    - Bíonn cosaint leanaí mar mhir ar chlár Lá Oiliúna na Múinteoirí agus ar chlár Chruinniú na gCinnirí.
    - Léitear na príomhrioscaí ón bpolasaí seo ag an lá oiliúna agus aithnítear príomhnósanna an eagrais
    - Ní mór do gach fostaí cúrsa TUSLA a dhéanamh

f. Cúrsa Cinnireachta – Lámhleabhar na gCinnirí
    - Bíonn an DIA agus an Leas-DIA sonraithe i lámhleabhar na gcinnirí agus na príomh-rialacha ón bpolasaí cosaint leanaí seo. Déanfar tagairt do Tús Áite mar áis, agus cóip de ar fáil san oifig ar na cúrsaí. Leagfar béim ar an tacaíocht atá ar fáil ón DIA agus anLeas-DIA.

g. Oiliúint ar Chosaint Leanaí
    - mir ar chúrsaí oiliúna
    - nasc chuig físeáin agus acmhainní ar shuíomh acmhainní na múinteoirí/ padlet
    - téann DIA/ Leas-DIA gach cúrsa siar ar phríomhnósanna an eagrais/ ar an bpolasaí Cosaint Leanaí leis an bhfoireann ar fad (lá roimh chúrsa nó ag céad chruinniúfoirne).

h. Comharthaí Feidearachta Díobhála/Mí-úsáide
    - cóip den leabhar Tús Áite ar gach cúrsa (chomh maith le Nósanna Imeachta na Roinne)
    - plé déanta ag Lá Oiliúna na Múinteoirí ar na comharthaí atá luaite sa leabhar.

i. Duine Idirchaidreamh Ainmnithe/ Leas DIA
    - É luaite sa pholasaí go bhfuil a leitheadann.
    - Ainm DIA/ Leas-Dia agus cóip den pholasaí seo ar fáil don phobal/ ar shuíomh aneagrais.
    - Ainm an DIA/ leas gach cúrsa go soiléir laistigh de dhoras ancholáiste.

j. Acmhainní ar na cúrsaí
    - Tá foireann ar an eolas faoin teimpléad taifid agus tá cóipeanna ar fáil dóibh chun structúr a chur ar nótaí.
    - Tugtar cóipeanna de thaifead na múinteoirí ar aghaidh chuig DIA an eagrais.

## Beartais/ Polasaite/ Nósanna

k. Réamh-agallaimh
    - eagraítear agallaimh/ oíche eolais agus freastlaíonn gach scoláire air roimh theacht ar na cúrsaí. Mínítear 'Riail an Ghrúpa' go han-soiléir.
    - Mínítear ag na hagallaimh faoi nósanna gearáin an eagrais.
    - Mínítear ag an hagallaimh faoi bhealaí gur féidir le tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an Stiúrthóir/ DIA má bhíonn aon ábhar imní acu.

l. Cód Iompair

- Tá Cód Iompair soiléir ar gach cúrsa agus mínítear Conradh an Choláiste ag tús gach cúrsa. Tá tuilleadh eolais i bpacáiste eolais do scoláirí/ tuismitheoirí.
- Tá fógra soiléir laistigh de dhoras an eagrais ag treorú cuairteoirí chuig oifig an ionaid. Bíonn gach ball foirne airdeallach ar an gceist seo, ach go háirithe nuair atá an t-ionad roinnte le eagraíochtaí/ grúpaí eile.
- Tá nósanna soiléire faoi leigheas a ghlacadh ar na cúrsaí agus mínítear seo do bhaill foirne agus ag na hoícheanta eolais. Bíonn ball foirne sinsearach amháin freagrach asseo.
-

m. Riail anGhrúpa

- Fanann scoláirí i ngrúpa sainnithe i gcónaí. Mínítear seo ag na hagallaimh, ar an gcéad lá agus go leanúnach tríd na cúrsaí: ar na bóithre, sa choláiste srl
- Nuair atá scoláirí bainteach le himeacht lasmuigh den ionaid, m.sh ag siúl abhaile meabhraítear dóibh gur gá fanacht sa ghrúpa i gcónaí agus gur gá fanacht leis an gcinnire. Ní bhíonn teagmháil le muintir na háite/ daoine ón bpobal gan an cinnire a bheith iláthair.
- Baineann Riail an Ghrúpa le baill foirne freisin. Ní bhíonn aon bhall foirne ina aonar/ haonar le scoláire. Má bhíonn gá le cruinniú nó rang feabhais le scoláire aonair déantar é in áit poiblí/ leis an doras ar oscailt nó le ball foirne eile i láthair. Déantar a chinntiú leis an scoláire go bhfuil said compórdach leis.
- Má bhíonn ball foirne ag tabhairt síob go scoláire ar chúis éigin is gá an striúrthóir a chur ar an eolas agus go mbeadh an dara bhall foirne sa charr freisin (Riail an Ghrúpa).

n. Feitheoireacht agus Rótaí-dualgais

- Tá róta dualgais ag na baill foirne sinsearacha 24 uair a chloig in aghaidh an lae. Is gá go mbeadh sé seo aontaithe ag cruinnithe foirne agus go mbeadh gach duine den fhoireann sinsearach ar an eolas faoi.
- Nuair atá grúpaí scoláirí ag dul go himeachtaí éagsúla lasmuigh den ionaid, m.sh. snámh ar trá, dornálaíocht sa ghiom, cuairt ar RnaG is gá go mbeadh leasaithe déanta ar an róta maoirseoireachta ionas go ndéantar cinnte de go bhfuil feitheoireacht chuí ar an ngrúpa (ag brath ar líon an ghrúpa, deiseanna bualadh le daoine fásta eile lasmuigh den eagrais srl.)
- Nuair atá scoláirí ag glacadh páirte in imeachtaí ina bhfuil feistiú i gceist, m.sh. trá nó giom, is gá a chinntiú go bhfuil áiteanna oiriúnacha ar fáil don fheistiú de réir inscne agus go bhfuil daoine ón bhfoireann ar an eolas faoi.
- nuair a bhíonn imeachtaí oíche á phleanáil déantar cinnte de go bhfuil duine den bhall foirne sinsearach (cúntóir nó múinteoir) sa halla i gconaí. Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil na cinnirí i measc na scoláirí agus nach bhfuil aon bhaol go bhfágfadh scoláire/ scoláirí an halla gan cead - NB: dioscó srl.

- Sa chás go bhfuil ar scoláire fanacht sa leaba de bharr tinnis, is gá stiúrthóir an chúrsa agus bean an tí a chur ar an eolas ar dtús. Ansin déantar cinnte de go bhfanann cinnire/ ardchinnire leis an scoláire, chomh maith le bean an tí a bheith fós sa teach. Ní cheart go mbeadh Riail an Ghrúpa sáraithe sa chás seo.

o. Polasaí Frith-bhulaíochta
   - Bíonn cóip de pholasaí Frith-bhulaíochta an eagrais ar an mballa san oifig.
   - Bíonn nósanna gearáin an eagrais agus an polasaí frithbhulaíochta pléite ag an gcúrsa cinnireachta, ag lá oiliúna na múinteoirí agus go rialta le linn nagcúrsaí.

p. Nósanna tuairiscithe/nochtuithe
   - Ag na hagallaimh, ar an gcéad lá agus sa phacáiste eolais mínítear na bealaí éagsúla atá ann do scoláirí agus do thuismitheoirí ábhar imní a nochtadh:
     - Scoláirí: Leis an gcinnire, le duine ar bith den fhoireann, leis an DIA/ leas-DIA, ag Fóram an Choláiste, teagmháil tríd a dtuismitheoirí
     - Tuismitheoirí: sonraí teagmhála 24/7 an choláiste sa phacáiste eolais, ainm an DIA/Stiúrthóra sa phacáiste eolais, nósanna mínithe agagallaimh

q. Teagmháil le tuismitheoirí le linn anchúrsa
   - Tá fáil ag tuismitheoirí tríd na hoícheanta eolais agus tríd an bpacáiste eolais ar huimreacha 24/7 chun dul i dteagmháil le hudaráis an chúrsa.
   - Mínitear na modhanna teagmhála ag an oíche eolais roimh na cúrsaí.

## Tithe/ Lóistín

r. Cosaint Leanaí agus Teaghlaigh Áitiúla/ Mná Tí:
   - Ní mór do gach theaghlach áitiúil cloí leis an treoirlínte, mar gur soláthróir seirbhísí iad. Tá dréacht measúnú riosca leis an bpolasaí seo, chomh maith le nósanna. Is gá go mbeadh seo le feiceáil santithe.

s. Príobháideachas
   - Ní mór gan aon rud a dhéanamh agus muid i bhfeighil ar dhaoine óga a sháródh an ceart atá ag gach éinne príobháideachas a bheith acu agus iad i mbun cúraimí pearsanta - glantachán, leithreas srl.

t. Nósanna sna seomraícodlata
   - Baineann Riail an Ghrúpa leis na seomraí. Ní bhíonn scoláirí i ngrúpaí beaga (de bheirt ach go háirithe) i seomraí codlata le doirse dúnta. Is gá do bhaill foirne agus duine ar bith thar 18 a bheith aireach nach bhfuil siad fágtha le scoláire amháin sa suíomh seo.

u. Ról an chinnire/chúntóra
   - Caithfidh cinnire an tí Riail an Ghrúpa agus Riail na Gaeilge a chur i bhfeidhm sa teach. Oibríonn siad as lámh a chéile le Bean an Tí/ Fear an Tí chun cúrsaí an tí aeagrú.

- Níl cead ag scoláirí fóin a bheith acu ar chúrsaí Spleodar. Ar mhaithe le sábháilteachta tá cead ag cinnirí fóin a bheith acu, chomh fada is nach n-úsáideann siad go leanúnach agus go soiléir os comhair na scoláirí.
- Níl cead ag an gcinnirí fón póca a úsáid sa seomra codlata chun pictiúir a ghlacadh, chun dul ar an idirlíon nó na meáin shóisialta a leámh ach go háirithe.
- Más gá do chinnirí fóin a úsáid chun glaoch a dhéanamh nó eile is gá dóibh é a dhéanamh nuair atá soilse múchta agus lasmuigh de na seomraí codlata. Más gá an fón a úsáid am ar bith eile is gá é a luadh le Bean an Tí/ Fear an Tí ionas gur féidir leo súil a choinneáil fad is a imíonn an cinnire chun an glaoch a dhéanamh.

v. Sain-nósanna cosanta sna tithe – doirse,leithris,
- Baineann Riail an Ghrúpa leis na tithe go ginearálta freisin. De ghnáth ní bhíonn scoláirí ina n-aonair sna tithe (ach amháin i gcás cúram pearsanta, leithreas srl.) Fanann an grúpa le chéile an oiread agus gur féidir sateach.
- Ní bhíonn aon ball foirne nó duine de mhuintir an tí ina haonar/ aonar le scoláire. Má bhíonn gá ag ball foirne/ cinnire/ bean an tí labhairt le scoláire ina haonar/ aonar is gá é a dhéanamh in áit feiceálach nó leis an gcinnire/ bean an tí i láthair mar dhuine breisie.
- Tá nós againn i Spleodar doirse a choinneáil ar oscailt sna tithe agus nach mbíonn grúpaí de scoláirí gan cinnire i seomraí gan an doras a bheith ar oscailt.

## Clubanna/ Cúrsa Feighlithe

(Baineann go leor de na nósanna thuas, ach seo a leanas roinnt nósanna a chuidíonn linn rioscaí a laghdú sna clubanna:)

a. Cosaint Leanaí
- Pléitear an polasaí cosaint leanaí agus na comharthaí díobhála ag cúrsa na bhfeighlithe.
- Mínítear an ról atá ag na feighlithe mar dhaoine sainnithe agus déantar a chinntiú go bhfuil an cúrsa e-foghlama déanta acu le TUSLA.

b. Cód Smachta
- Pleitear an club go soiléir ag tús gach téarma agus le haon bhaill nua a chláraionn

c. Tinreamh agus Feitheoireacht
- Coinnítear Rolla gach oíche ag an gclub agus déantar teagmháil le tuismitheoirí nuair atá scoláirí asláthair.

## Imeachtaí Iar-Aire:

d. Taisteal

- Busanna Príobháideacha a usáidtear ar imeachtaí uilig Spleodar. Déantar grinnghriosúcháin ar thiománaithe atá againn go rialta ach go bhfuil scoláirí ar bhus faoi bhfeighil fostaithe Spleodar i gcónaí.

e. Lóistín
   - nuair a bhíonn scoláirí ag imeacht iar-aire thar oíche déantar lóistín a eagrú nach bhfuil roinnte le haon ghrupa eile.
   - Eagraítear seomraí de réir inscne.
   - Déantar róta feitheoireachta a chur i bhfeidhm le cúntóir nó múinteoirí amháin ar a laghad i bhfeighil.

f. Imeachtaí Poiblí
   - Nuair a bhíonn imeachtaí ag an eagrais in áiteanna poiblí agus/ nó meascaithe leis an bpobal (Scléip na hÓige m.sh. ) déantar a chinntiú go bhfuil réamhchruinniú leis na eagraíochtaí ar fad a bhfuil ról acu san imeacht agus pléitear nósanna atá i bhfeidhm chun cosaint leanaí a láidriú.
   - Moltar chomh fada is gur féidir go mbeadh ar dhaoine ón bpobal clárú nó síniú isteach nuair atá siad ag freastal ar ócáid agus gan iad mar bhall nó bainteach le heagrais ar bith atápáirteach.
   - Ní fhreastlaíonn Spleodar, le daoine óga faoin chúram, ar aon imeacht in aon ionad ina bhfuil alcól ar díol agus daoine fásta agsóisialú.

g. Meáin Shóisialta/Cumarsáid:
   - Tá suíomh idirlíon ag an eagrais (faoi bhainistiú na hoifige) Úsáidtear é chun eolas a chur ar fáil. Tá fóraim ar líne do mhúinteoirí agus do fheighlithe chun cumarsáid leis an bhfoireann agus idir na baill foirne a éascú. Is iad leathanaigh facebook na gclubanna agus téacs ó na feighlithe an príomhbhealach a ndéantar teagmháil le baill na gclubanna. Is grúp-théachtairí is mó a chuirtear amach ansin. Más teachtaireacht aonair atá ann ní mór na feighlithe eile nó an príomhfheidhmeannach a CC sa teachtaireacht. Sé sin nach bhfuil cead ag fostaí teachtaireacht díreach a chur go ball den chlub atá faoi 18.

## Bainistíocht:

h. Cruinnithe éagsúla an eagrais
   - Bíonn Cosaint Leanaí mar mhír ar gach cruinniú den eagrais: Cruinniú Chinn Bliana, Cruinnithe Bhord na nIontaobhaithe, Cruinnithe na Stiúrthóirí, Cruinnithe Foirne Iar-Aire agus Cruinnithe Foirne ar na cúrsaí.
   - Má tá aon mholtaí don pholasaí seo cuirtear iad ar aghaidh go hinmheánach go Carmel Nic Eochaidh nó Póla NíChinnsealaigh.

**Nóta Tábhachtach:** Is ceart a thabhairt faoi deara gurb é atá i gceist le baol i gcomhthéacs na measúnachta riosca seo ná an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus nach é an riosca ginearálta i leith sláinte agus sábháilteachta atá i gceist. Leagtar amach an tsainmhíniú ar an "díobháil" i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*.

Agus é ag tabhairt faoin measúnacht riosca seo, tá gach dícheall déanta ag Bord na nIontaobhaithe chun a shonrú sa mhéid gur féidir é na rioscaí díobhála atá ábhartha don eagrais agus chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta leordhóthanacha ar bun chun gach riosca atá sonraithe a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnacht riosca seo ar bun ag an eagrais chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú sa mhéid gur féidir é.

Chuir Bord na nIontaobhaithe an mheasúnacht riosca seo i gcrích ar 01/03/2018 Athbhreithneofar é mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Ráiteas na Eagraise maidir le Cumhdach Leanaí

Sínithe_____________________________________________Dáta____________________

Cathaoirleach Bhord na nIontaobhaithe (Mait Ó Brádaigh)

Sínithe_____________________________________________Dáta____________________

Duine idir-Chaidreamh Ainmnithe/ Priomhfheidhmeanach (Carmel Nic Eochaidh)

## Liosta Seiceála chun an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a Athbhreithniú

Tá sé aontaithe ag an mBord a bheith faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus chun* tabhairt faoi athbhreithniú ar a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí agus go mbainfear leas as an liosta seiceála seo a leanas chun na críche sin. Caithfear an t-athbhreithniú a chur i gcrích **gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha** bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas.Trí athbhreithniú a dhéanamh cinnteoidh an eagrais chomh maith go bhfuil sí ag sásamh na hoibleagáide reachtúla atá uirthi faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 a Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a athbhreithniú gach dhá bhliain.

Tá an liosta seiceála seo ceaptha mar chúnamh chun an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina liosta uileghabhálach de na ceisteanna atá le machnamh.

Mar chuid den phróiseas foriomlán athbhreithnithe ,is ceart do choiste beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha de chuid na eagraise a mheas féachaint an bhfuil said ag cloí le prionsabail an dea-chleachtais cosanta agus leasa leanaí de réir mar atá siad leagtha amach i Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus in sna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna2017.*

| | **Tá/Níl** |
|---|---|
| 1. An bhfuil glactha go foirmiúil ag an mBord le Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá de réir na *Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017*? | Tá |
| 2. Mar chuid de Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí, an bhfuil glactha go foirmiuil ag an mBord, gan athrú ná leasú, leis na *Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna 2017*? | Tá |
| 3. An bhfuil measúnacht scríofa riosca san áireamh i Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí de réir mar a fhorálann an tAcht umThús Áite do Leanaí 2015? | Tá |
| 4. An bhfuil an mheasúnacht scríofa riosca athbhreithnithe agus nua shonraithe ag an gCoiste áit is gá mar chuid den athbhreithniú for iomlán seo? | Tá |

| | |
|---|---|
| 5. An bhfuil freastalta ag an DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil? | Tá |
| 6. An bhfuil freastalta ag an Leas-DIA ar an oiliúint maidir le cosaint leanaí atá le fáil? | Tá |
| 7. An bhfuil freastalta ag comhaltaí ar bith den Bhord ar oiliúint maidir le cosaint leanaí? | Tá |
| 8. An bhfuil DIA mar aon le Leas-DIA ceaptha faoi láthair? | Tá |
| 9. An bhfuil na sonraí teagmhála bainteacha (Tusla agus an Garda Síochána) ar láimh i lámhleabhar an tSiúrthóra ar gach cúrsa? | Tá |
| 10. An bhfuil socruithe ar bun ag an mBord chun Ráiteas an Choiste maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar eolas do phearsanra nua eagraise? | Tá |
| 11. An bhfuil an Bord cinnte de go bhfuil an lucht foirne/baill ar fad curtha aran eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015? | Tá |
| 12. An bhfuil Cosaint Leanaí ar chlár gach cruinniú den Bhord na nIontaobhaithe agus Chruinnithe na Stiúrthóirí? | Tá |
| 13. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go ndearna an DIA ar aon cheann de na cúrsaí tuairiscí cosanta leanaí ar bith chuig Tusla/An Garda Síochána? | Tá |
| 14. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann inar iarr DIA ar chúrsa comhairle ó Thusla agus, de dheasca na comhairle seo, nach ndearnadh tuairisc ar bith chuig an FSS? | Tá |
| 15. Ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ag an mBord, an bhfuil sé curtha in iúl don Bhord go raibh cásanna ar bith ann ina ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí in aghaidh baill ar bith de lucht foirne na eagraise? | Tá |
| 17. An bhfuil an Bord cinnte de gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air? | Tá |

| | |
|---|---|
| 18. An bhfuil an bord cinnte de go bhfuil gach beart cuí á dhéanamh nó déanta i ndáil le ball ar bith de lucht foirne na eagraise a ndearnadh líomhain drochúsáide nó faillí ina (h)aghaidh ó rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí?* | Tá |
| 19. An bhfuil tuairiscí maidir le cosaint leanaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird breactha mar is cóir i miontuairiscí an Bhoird? | Tá |

| | |
|---|---|
| 20. An bhfuil an Bord cinnte de go ndéantar na taifid ar fad maidir le cosaint leanaí a chur ar comhad mar ba chóir agus a choinneáil i dtaisce go sábháilte? | Tá |
| 21. An bhfuil fógra faighte ag an mBord ó thuismitheoir ar bith maidir le gan an fógra caighdeánach atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* bheith faighte ag an tuismitheoir sin? | Níl |
| 22. Maidir le cásanna ar bith a sonraíodh ag ceist 21 thuas, an bhfuil cinntithe ag an mBord gur chuir an DIA amach ina dhiaidh sin fógraí ar bith atá riachtanach faoi rannán 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*? | N/Bh |
| 29. An bhfuil an Bord cinnte de gur comhlíonadh coinníollacha na Roinne maidir le grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána i ndáil le gach duine d'fhoireann na eagraise (fostaithe agus oibrithe deonacha)? * | Tá |
| 31. An bhfuil an Bord cinnte de go mbíonn, ó thaobh cúrsaí cosaint leanaí de, nósanna imeachta críochnúla á gcur i bhfeidhm ag an eagrais i gcúrsaí earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le lucht foirne iomlán na eagraise (fostaithe agus oibrithe deonacha)?* | Tá |
| 32. An bhfuil machnamh déanta agus aghaidh tugtha ag an mBord ar aon ghearáin nó moltaí ar mhaithe le feabhsú i ndáil le Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí? | Tá |
| 36. An bhfuil sonraithe ag an mBord go bhfuil gné ar bith de Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar gá feabhas breise ina leith? | Tá |
| 37. An bhfuil plean gníomhaíochta lena n-áirítear tráthchláir oiriúnacha curtha ar bun ag an mBord d'fhonn dul i ngleic leis na gnéithe sin de Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí agus/nó a chur i bhfeidhm ar sonraíodh gur gá feabhas breise ina leith? | Tá |
| 38. An bhfuil cinntithe ag an mBord go ndeachthas i ngleic go leor dhóthanach le haon réimse ar sonraíodh le linn athbhreithnithe roimhe seo ar Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí go bhféadfaí feabhas a dhéanamh ina leith? | Tá |

Sínithe__________________________________________ Dáta___________________

Cathaoirleach an Bhoird

Sínithe__________________________________________ Dáta___________

Duine Idir-chaidrimh Ainmnithe/ Príomhfheidhmeanach

## Fógra maidir le hAthbhreithniú Bhord na nIontaobhaithe ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí

Chuig: Carmel Nic Eochaidh ___________

Is mian le Bord na nIontaobhaithe Spleodar a chur in iúl duit:

- Cuireadh i gcrích athbhreithniú bliantúil an Bhoird ar Ráiteas na eagraise maidir le Cumhdach Leanaí ag cruinniú an Bhoird ar an **27 Feabhra** 2020.
- Rinneadh an t-athbhreithniú seo de réir "Seicliosta d'Athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí" atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne Oideachais www.education.ie

Sínithe__________________________________________Dáta__________________

Cathaoirleach Bhord na nIontaobhaithe

Sínithe__________________________________________Dáta__________________

Oifigeach Óige/ Príomhfheidhmeanach

Thíos tá foirm atá cruthaithe chun cuidiú le baill foirne atá ag plé le cás agus a chuidíonn le coinneál taifid san eagrais.

<table>
<tr><td colspan="3">

## Taifead Spleodar ar Eachtra faoin bPolasaí Chosaint Leanaí

</td></tr>
<tr><td>Cúrsa:</td><td>Dáta:</td><td>Duine/ Daoine ag plé leis (DIA, Leas-DIA):</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cód (nach aithnítear an scoláire leis)</td></tr>
<tr><td colspan="3">Ba cheart go mbeadh a dtaifead féin ag aon bhall foirne atá bainteach ar an ábhar imní a nochtaíodh</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cén cúis imní atá ann? (Ná luaigh ainmneacha)</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Cé a nochtaigh an t-ábhar imní duit?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Más ball foirne eile a bhí ann ar cuireadh in iúl dóibh go mbeifeá ag leanúint na nósanna sa bpolasaí Chosaint Leanaí?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Sa chás nár leanadh leis an ábhar imní ar cuireadh seo in iúl don duine a léirigh ábhar imní?</td><td></td></tr>
<tr><td>Dáta:</td><td colspan="2">Am:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ar lorgaíodh comhairle ó TUSLA?</td><td></td></tr>
<tr><td>Dáta:</td><td>Am:</td><td>Ainm oifigigh TUSLA:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cén comhairle a tugadh?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Ar leanadh comhairle TUSLA?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Cén fáth gur leanadh/ nár leanadh?</td><td></td></tr>
</table>

<table>
<tr><td colspan="2">Céard a rinneadh?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">An ndearnadh teagmháil le tuismitheoir an scoláire?</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">An bhfuil nótaí déanta den chomhrá sin?</td><td></td></tr>
<tr><td>Dáta:</td><td colspan="2">Am:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ar cuireadh cóip den tuairisc seo ar aghaidh chuig DIA an eagrais chun bheith mar chuid dá Tuairisc Mhaoirseachta Cosaint Leanaí don Bhord?</td><td></td></tr>
</table>

## Ráiteas Spleodar maidir le Cosaint Leanaí - cóip do na Tithe

Is óg-eagras neamhbhrabúsach é Spleodar a ritheann cúrsaí Gaeilge i nGaeltacht Chonamara le linn an tsamhraidh agus réimse imeachtaí iar-aire do dhaoine óga le linn an gheimhridh.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanseanna 2017*,agus Treoir TUSLA maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a Chur le Chéile, tá toilithe ag Bord na nIontaobhaithe Spleodar leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.

7 1. Tá glactha ag Bord na nIontaobhaithe le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* na Roinne Oideachais agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.

8 Is é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná Carmel Nic Eochaidh

9 Is é an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (D/DIA) ná Póla Ní Chinnsealaigh

10 Admhálann Bord na nIontaobhaithe go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leasa daoine ógafitefuaitelegachgnédeshaolaneagraisagusnachmórésinaléiriúingachceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí an eagrais.. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an eagrais leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an eagrais:

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheisteile;
- comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leasleanaí;

- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go mbainfeadh díobháil nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa mbaol go gcuirfí drochúsáid nó faillí inaleith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in dul chun cinn daoine óga san eagrais.
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosant aleanaí.

Cloífidh an eagrais leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

11 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas arbun:

- I gcas baill ar bith den fhoireann/den choiste is ábhar d'iniúchadh ar bith(cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse I leith linbh atá ag freastal ar an eagrais, cloíonn an eagrais leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*

- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne/ baill choiste/ oibrithe deonacha agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le daoine óga, cloíonn an eagrais le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir leathan maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha insna ciorcláin ábharthadechuidanGhardaabhaineannlegrinnfhiosrúchánagusearcaíocht agus atá arna bhfoilsiú ag an ROE agus le fáil ar shuíomh idirlín naROE.
- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an eagrais na nithe seo a leanas-

    - Cóip de Ráiteas na eagrais maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball denfhoireann/bhord.
    - A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas na eagrais maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann/choiste le linnoiliúna.
    - Lucht foirne/baill boird a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúintchuí
    - Coimeádann an Coiste taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus ar chomhaltaí den Choiste

- Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach insna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* ar a n-áirítear, i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. **Go príomha ní mór do mhúinteoirí/ feighlithe nó duine ar bith atá i bhfeighil a bheith ar an eolas go bhfuil said sainordaithe agus an oiliúint chuige afháil**.

- San eagrais seo tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015)chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.

- **Le linn cúrsaí an tsamhraidh de ghnáth is é stiúrthóir an chúrsa an DIA agus is é/í a bhéas mar an 'duine cuí' (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.**

- **Daoine sainordaithe is ea na múinteoirí,** arna fhostú ag an eagrais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do dhaoine óga a bheadh ag freastal ar an eagrais nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí eagraise.Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta na eagraise chun na rioscaí sin a bhainistiú mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.

- Is féidir rochtain ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo **trí shuíomh idirlín an eagrais**, nó trí shuíomh idirlín na ROE nó cuirfidh an eagrais ar fáil iad ach iad aiarraidh.

12 Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín na eagraise www.spleodar.coma gus tá sé tugtha do gach ball de lucht foirne na eagraise. Tá sé ar fáil go héasca do

thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fail do Thusla agus don Roinn ach ceann a iarraidh.

13 **Athbhreithneofar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí gach bliain i ndiaidh Cruinniú na Stiúrthóirí i mí Mheán Fómhair agus roimh an Chruinniú Chinn Bliana i Mí na Nollag**, nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteasseo.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar an 27 Mí an Feabhra 2020

| | |
|---|---|
| Sínithe:____________________ | Sínithe:____________________ |
| Cathaoirleach an Bhoird | Príomh-fheidhmeanach |
| (Mait Ó Brádaigh) | Carmel Nic Eochaidh |
| Dáta: 27/02/20 | Dáta: 27/02/2020 |

## Measúnachta Riosca maidir le Cumhdach Leanaí - na Tithe

Tá na rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag an Teaghlach áitiúil (Bean an Tí) i leith a cuid gníomhaíochtaí:

Riosca díobhála dochar do pháiste faoi chúram an Tí

Riosca díobhála de bharr bulaíocht

Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na páistí

Riosca díobhála de bharr na meán sóisialta

Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na páistí

Riosca díobhála de bharr tinneas agus ailléirgí

Riosca díobhála de bharr easpa tuairisciú

Riosca díobhála de bharr Alcól, Tóitiní agus substaintí eile mídhleathach

Riosca díobhála de bharr peataí an theaghlach áitiúil

## Tá na nósanna imeachta rioscaí díobhála seo a leanas sonraithe ag na Teaghlaigh áitiúla agus Coláiste i leith a gcuid gníomhaíochtaí

·Tá cóip de Ráiteas an choláiste maidir le Cumhdach Leanaí faighte agus léite ón gcoláiste acu.

·Tá na teaghlaigh cláraithe agus aitheanta ag an Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi scáth Scéim na bhFoghlaimeoirí Teanga

·Tá na príomh chúramóirí do na teaghlaigh ag cloí agus tá oiliúint déanta acu faoin Acht Thús Áite do Leanaí 2015

·Déantar cinnte go bhfuil ainm agus sonraí teagmhála an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Leas-Dia sa choláiste curtha i scríbhinn chucu roimh thús gach cúrsa más amhlaidh go bhfuil duine difriúil i gceist

·Déantar cinnte go bhfuil polasaithe agus rialacháin an choláiste maidir leis na Teaghlaigh Ghaeltachta (Bean an Tí) faighte agus léite acu ón gColáiste.

·Déantar cinnte go n-imíonn na páistí ar fad ón teach ag an am céanna, déantar seic go bhfuil siad ar fad tagtha ag an am céanna, ar maidin, sa tráthnóna agus san oíche

·Má bhíonn aon glacadh leighis ar siúl sa teach ba cheart go mbeadh údar áis an choláiste ar an eolas faoi agus cead faighte ó thuismitheoirí.

·Bíonn Ailléirgí agus riachtanais speisialta beatha faighte i scríbhinn óna tuismitheoirí agus ag an teaghlach roimh thús an chúrsa

·Má chaitheann páiste dul abhaile tinn, déantar cinnte roimhré go bhfuil duine sa teaghlach (atá os cionn 18 bliain d'aois) agus nach bhfuil siad leo féin sa teach. Cuirtear duine eile in éineacht leis an duine tinn - cinnire nó ard-chinnire.

·Iarrtar ar na teaghlaigh peataí agus ainmhithe na teaghlaigh a bheith faoi smacht, ceangailte nó istigh

·Cloí le hamanna codlata an choláiste le doirse na seomraí codlata fágtha oscailte

·Solas fágtha ar sa halla/pasáiste le linn na hoíche

·Cosc ar fhearais teicneolaíochta ar nós, Ríomhaire lapa nó fóin (meáin shóisialta) os comhair na scoláirí

·Airdeallach ar stóráil agus úsáid Alcól, Toitíní agus substaintí mídhleathach eile sa teach

·Déantar cinnte iompar imníoch a chur in iúl do Choláiste, ar nós, duine leo féin agus gan a bheith ag meascadh.

**Sínithe:** ________________________________ **Sínithe:** ________________________________

**Bean an Tí** **Fear an Tí**

**Dáta:** ________________________________ **Dáta:** ________________________________